Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2021
(OR. en)

14302/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0370 (NLE)**

AELE 112
EEE 94
N 142
ISL 87
FL 89
MI 883
ECO 132

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagail 62 agus 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE arna bhunú le Comhaontú LEE ('Comhchoiste LEE') a chinneadh, *inter alia,* Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú, Iarscríbhinn ina bhfuil forálacha maidir le rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú.

(3) Tá Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Tá Treoir Tharmligthe 2014/109/AE[3] ón gCoimisiún le hionchorprú i gComhaontú LEE.

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[2] Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 1).

[3] Treoir Tharmligthe 2014/109/AE ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chnuasach na bpictiúr rabhaidh atá le húsáid ar tháirgí tobac a bhunú (IO L 360, 17.12.2014, lch. 22).

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú ar an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*